CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2297 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Deireadh Fómhair 2022

lena mbunaítear an Bonneagar Taighde Eorpach ar Ghrianfhuinneamh le haghaidh Díriú Grianteasa (EU-SOLARIS ERIC)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 7351)

(Is iad na téacsanna Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Portaingéilise agus Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chipir agus an Phortaingéil iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun an Bonneagar Taighde Eorpach ar Ghrianfhuinneamh a bhunú le haghaidh Díriú Grianteasa (EU-SOLARIS ERIC) ("an t-iarratas"). Chuir an Phortaingéil a cinneadh in iúl go mbeidh sí rannpháirteach in EU-SOLARIS ERIC mar bhreathnóir ar dtús.

(2) Chomhaontaigh na hiarratasóirí gurbh í an Spáinn Ballstát óstach EU-SOLARIS ERIC.

(3) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) le Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE ([2]).

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, agus chinn sé go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin. Le linn an mheasúnaithe, fuair an Coimisiún tuairimí ó shaineolaithe neamhspleácha i réimse an Bhonneagair Eorpaigh um Taighde ar Ghrianfhuinneamh le haghaidh Díriú Grianteasa a bhunú.

(5) Tá na bearta a leagtar amach sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bunaítear leis seo an Bonneagar Taighde Eorpach ar Ghrianfhuinneamh le haghaidh Díriú Grianteasa (EU-SOLARIS ERIC).

2. Leagtar amach gnéithe fíor-riachtanacha Reachtanna EU-SOLARIS ERIC san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cipire agus Poblacht na Portaingéile

([1]) IO L 206, 8.8.2009, lch. 1.

([2]) Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE an 20 Márta 2015 lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (IO L 129, 19.5.2016, lch. 85)

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Mariya GABRIEL
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA REACHTANNA EU-SOLARIS ERIC

Leis na hAirteagail agus leis na míreanna de na hAirteagail seo a leanas de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC, déantar foráil maidir leis na gnéithe fíor-riachtanacha i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle.

1. **Ainm agus suíochán (Airteagal 1 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Cruthaítear Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC), faoin ainm "Bonneagar Taighde Eorpach ar Ghrianfhuinneamh le haghaidh Díriú Grianteasa" ("EU-SOLARIS ERIC" anseo feasta), de bhun fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009, maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail le haghaidh Bonneagar Taighde Eorpach (dá ngairtear "Rialachán ERIC" anseo feasta).

2. Tá oifig chláraithe ERIC AE-SOLARIS bunaithe in Almería na Spáinne.

2. **Fís, misean agus cuspóirí straitéiseacha (Airteagal 2 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Bunóidh agus oibreoidh EU-SOLARIS ERIC bonneagar taighde dáilte den chéad scoth maidir le Díriú Grianteasa/Grianfhuinneamh Teirmeach a bhunófar mar mhol lárnach a bheidh freagrach as oibriú comhordaithe na lárionad náisiúnta taighde i dteicneolaíochtaí dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh, a dhéanfaidh cuid dá n-acmhainneachtaí taighde agus forbartha a thiomnú do EU-SOLARIS ERIC, agus inneachar, uirlisí agus fios gnó a bhaineann le teicneolaíochtaí dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh á gcomhroinnt.

2. Leanfaidh gach saoráid taighde atá ina cuid de ERIC de bheith ina maoin dá chuid institiúidí chomh maith leis na cearta chun rochtain a fháil orthu a láimhseáil agus na coinníollacha faoina ndeonaítear í.

3. Déanfar an caidreamh idir EU-SOLARIS ERIC agus na lárionaid náisiúnta taighde a rialú trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse sonracha a shíniú.

4. Chuige sin, is iad seo a leanas críocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC.

5. An Fhís: A bheith ina bhonneagar taighde tagartha Eorpach i bhforbairt theicneolaíoch dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh agus feidhmeanna gaolmhara

6. An Misean: Na coinníollacha is fearr a chur ar fáil maidir le forbairt gníomhaíochtaí taighde dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh le haghaidh na bpobal eolaíochta agus tionsclaíoch

7. Cuspóirí straitéiseacha:

a) Príomhshuiteálacha T&D atá ann cheana san Eoraip a chomhordú, mar bhonneagar uathúil de charachtar dáilte, agus an phunann bonneagair eolaíochta is iomláine agus is airde cáilíocht a sholáthar ar an leibhéal idirnáisiúnta don earnáil dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh.

b) Pointe iontrála aonair a bhunú ina ndéantar saoráidí, acmhainní agus seirbhísí taighde ardspeisialaithe a chur ar fáil go héifeachtach agus go hoptamach d'úsáideoirí a éilíonn seirbhísí a bhaineann le díriú grianteasa/grianfhuinneamh teirmeach.

c) An comhoibriú idir na hinstitiúidí eolaíochta, an saol acadúil agus an tionscal a threisiú, agus taighde comhoibríoch a chothú i measc phríomhionaid Eorpacha taighde de chuid na hearnála.

d) Riachtanais nua a shainaithint maidir le feabhas a chur ar na saoráidí taighde agus maidir le saoráidí nua a thógáil (nuair is gá), speisialtóireacht na saoráidí atá ann cheana a bharrfheabhsú agus a chur chun cinn agus dúbláil agus athdhéanamh teicneolaíochta nach bhfuil gá léi a sheachaint.

e) Na cleachtais taighde agus thurgnamhacha is fearr a shainaithint agus a bhunú, scaipeadh oscailte torthaí agus sonraí turgnamhacha a threorú agus a chomhordú aon uair is féidir agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le seasamh ceannaireachta na hEorpa a threisiú ar an leibhéal idirnáisiúnta.

f) An Eoraip a choinneáil ar thús cadhnaíochta agus ina cheannaire maidir le forbairt teicneolaíochtaí dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh.

3. **Cúraimí agus gníomhaíochtaí (Airteagal 3 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. D'fhonn a chríocha agus a chuspóirí a chomhlíonadh, rachaidh EU-SOLARIS ERIC, go díreach nó trí thríú páirtithe, i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

a) rochtain éifeachtach a thabhairt ar acmhainní agus ar sheirbhísí a chuireann na Nóid Náisiúnta ar fáil, i gcomhréir leis na rialacha atá bunaithe sna Reachtanna seo, le haghaidh an phobail Eorpaigh taighde agus tionsclaíochta,

b) idir-inoibritheacht idir na lárionaid taighde atá speisialaithe i réimse theicneolaíochtaí dírithe grianteasa/grianfhuinnimh theirmigh na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a fheabhsú,

c) dul chun cinn teicneolaíoch maidir le hacmhainní agus seirbhísí a bhaineann le díriú grianteasa/grianfhuinneamh teirmeach a bhunú agus a chur i bhfeidhm,

d) comhaontuithe comhair a dhéanamh le tríú páirtithe,

e) oiliúint a sholáthar agus soghluaisteacht taighdeoirí a éascú chun an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus a struchtúrú,

f) caidreamh idirnáisiúnta a bhunú le heagraíochtaí agus le húdaráis eile, idir chinn phoiblí nó phríobháideacha, Eorpacha agus neamh-Eorpacha, a bhfuil suim acu ina ghníomhaíochtaí agus i réimsí gaolmhara,

g) gníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaithe T&F eile san Eoraip i réimse an dírithe grianteasa/an ghrianfhuinnimh theirmigh,

h) aon ghníomhaíocht eile is gá chun críocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a chomhlíonadh.

2. Cuirfidh EU-SOLARIS ERIC rochtain ar fáil ar phunann saoráidí taighde agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde agus forbartha trí chlár forbartha fadtéarmach comhordaithe i measc Nóid Náisiúnta chun críoch neamheacnamaíoch. Mar sin féin, féadfaidh EU-SOLARIS ERIC dul i mbun gníomhaíochtaí brabúsacha teoranta, ar choinníoll:

a) go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomh-ghníomhaíochtaí, mar a leagtar amach sna Reachtanna seo, agus

b) nach gcuireann siad baint amach chríocha ná chuspóirí EU-SOLARIS ERIC i gcontúirt.

3. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC costais agus ioncaim na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a thaifeadadh ar leithligh agus gearrfaidh sé praghsanna margaidh orthu. Aon ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, úsáidfear é chun cur lena chríocha.

4. **Fad agus tús na n-oibríochtaí (Airteagal 4 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

Gan dochar d'fhorálacha na Reachtanna seo maidir le foirceannadh agus leachtú ERIC EU-SOLARIS, beidh sé ann ar feadh tréimhse éiginnte.

5. **Dliteanas agus árachas (Airteagal 5 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Beidh EU-SOLARIS ERIC freagrach as na fiacha a ghineann sé mar thoradh ar a ghníomhaíocht.

2. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí as fiacha ERIC teoranta do ranníocaíochtaí airgeadais a rinne siad cheana le ERIC.

3. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC árachas iomchuí a thógáil amach agus a choinneáil ar bun chun aon riosca a bhaineann le hoibriú ERIC a chumhdach.

6. **Nós imeachta maidir le foirceannadh agus leachtú EU-SOLARIS ERIC (Airteagal 6 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Cuirfidh EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas, tríd an Stiúrthóir Bainistíochta, faoi aon fhíorais a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do chuspóir EU-SOLARIS ERIC nó bac a chur ar a chumas na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán ERIC a chomhlíonadh.

2. Go háirithe, déanfar EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú in aon cheann de na teagmhais seo a leanas:

a) mar thoradh ar rún a ghlacfaidh an Comhthionól Ginearálta, trí thromlach atá bunaithe sna Reachtanna seo, nó

b) mar thoradh ar chinneadh a thabharfaidh an Coimisiún Eorpach, sna téarmaí dá bhforáiltear i Rialachán ERIC.

3. Is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta:

a) Cuirfidh Stiúrthóir Bainistíochta EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi chinneadh an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú, laistigh de dheich (10) lá tar éis an dáta a ghlacfar an rún.

b) Gan dochar d'Airteagal 5 de na Reachtanna, aon sócmhainn agus dliteanas a bheidh fágtha nuair a bheidh fiacha EU-SOLARIS ERIC íoctha, comhroinnfear ar na Comhaltaí iad i gcoibhneas lena ranníocaíocht iarbhír le EU-SOLARIS ERIC tráth an díscaoilte.

c) Cuirfidh Stiúrthóir Bainistíochta EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi thabhairt chun críche an phróisis EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú laistigh de dheich (10) lá ó chur i gcrích an phróisis sin.

d) Tiocfaidh deireadh le EU-SOLARIS ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

e) I gcás nach mbeidh EU-SOLARIS ERIC in ann a fhiacha a íoc aon tráth le linn dó a bheith ann, cuirfidh sé an Coimisiún Eorpach ar an eolas láithreach i gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

7. **Beartas um rochtain úsáideora (Airteagal 7 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC rochtain eolaíoch atá bunaithe ar fhiúntas a chur chun cinn ar na seirbhísí agus ar na bonneagair lena dtacaítear le barr feabhais i dtaighde i réimse gníomhaíochta EU-SOLARIS ERIC agus lena spreagtar é, chomh maith le cultúr feabhsuithe praiticiúla trí ghníomhaíochtaí oiliúna.

2. Beidh rochtain ar EU-SOLARIS-ERIC ar fáil do gach cineál úsáideora, lena n-áirítear ó gach tír Eorpach agus neamh-Eorpach, ní gá go mbeadh sé saor in aisce. Déanfar iarratais faoi phróiseas cuíchóirithe a bhaineann le seiceálacha incháilitheachta agus indéantachta maidir leis na nósanna imeachta agus ar na critéir mheastóireachta.

3. Déanfar na nósanna imeachta agus na critéir mheastóireachta lena ndeonaítear nó lena dteorannaítear rochtain ar shonraí agus uirlisí bhonneagar EU-SOLARIS ERIC, agus costas na rochtana sin, a shainiú sna rialacha rochtana nó sna rialacháin inmheánacha a dhéanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta a tharraingt suas agus a fhormheas ag an gComhthionól Ginearálta, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil (CET) agus le Bord na Nód Náisiúnta (BNN).

4. Cuirfear nósanna imeachta agus critéir mheastóireachta ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC.

5. Soláthróidh EU-SOLARIS ERIC rialacha rochtana agus treoirlínte d'úsáideoirí bhonneagar EU-SOLARIS ERIC chun a áirithiú go ndéanfar cearta maoine, príobháideachas, eitic agus cosaint bhonneagar taighde agus shonraí an úinéara a aithint agus a urramú leis an taighde a dhéanfar trí úsáid acmhainní bhonneagair EU-SOLARIS ERIC ar le lárionaid taighde na mBallstát iad (mar a luaitear in Airteagal 2 de na Reachtanna), chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le rúndacht agus rúnmhaireacht, agus go gcomhlíonfaidh úsáideoirí na coinníollacha maidir le rochtain, na bearta slándála agus bainistiú fhaisnéis na n-institiúidí taighde atá rannpháirteach i mbonneagar EU-SOLARIS ERIC.

8. **Beartas um meastóireacht eolaíoch (Airteagal 8 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

Cuirfear san áireamh sa nós imeachta chun measúnú eolaíoch a dhéanamh ar na tionscadail lena n-éilítear rochtain ar bhonneagar EU-SOLARIS ERIC fiúntas eolaíoch, riachtanais na hearnála nach bhfuiltear ag freastal orthu agus an úsáid agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu san earnáil, agus beidh sé bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta, an chothromais agus na neamhchlaontachta. Saineofar an nós imeachta sin i rialacháin inmheánacha, a dhéanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta a tharraingt suas agus a dhéanfaidh an Comhthionól Ginearálta a fhormheas, tar éis dóibh dul i gcomhairle le CET agus le BNN.

9. **Beartas um scaipeadh (Airteagal 9 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC bearta iomchuí chun a bhonneagar agus a úsáid i dtaighde agus in aon seirbhís a bhaineann le cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn.

2. Cuirfidh EU-SOLARIS ERIC chun cinn scaipeadh agus malartú na dtorthaí a fhaightear trí úsáid a bhonneagair taighde.

3. Gan dochar do Chearta Maoine Intleachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann, áiritheoidh EU-SOLARIS ERIC go gcuirfidh a chuid úsáideoirí torthaí an taighde a dhéantar ag bonneagair ERIC ar fáil don phobal agus go ndéanfaidh siad amhlaidh trí bhíthin EU-SOLARIS ERIC, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha deontais Eorpacha agus náisiúnta. Ní bheidh feidhm aige sin maidir le gníomhaíochtaí T&D a dhéanann na lárionaid taighde agus a mbonneagair féin á n-úsáid acu as raon feidhme ERIC.

4. Saineofar sa bheartas um scaipeadh na grúpaí éagsúla spriocanna agus le EU-SOLARIS ERIC úsáidfear na bealaí uile laistigh dá raon feidhme chun a áirithiú go ndéanfar an scaipeadh is mó is féidir eatarthu.

10. **Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla (Airteagal 10 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Maidir le haon Cheart Maoine Intleachtúla (dá ngairtear "CMI" anseo feasta) agus gach ceann acu, a chruthaíonn, a fhaigheann nó a fhorbraíonn EU-SOLARIS ERIC, dílseoidh siad do ERIC EU-SOLARIS agus beidh siad faoi úinéireacht iomlán aige. Mar sin féin, is féidir tréimhsí teoranta Sonraí Dílseánaigh a bhronnadh ar úsáideoirí.

2. Gan dochar do na coinníollacha arna mbunú sna conarthaí a dhéantar idir EU-SOLARIS ERIC agus Comhaltaí nó Breathnóirí, gach CMI, ar CMI é a chruthóidh foireann an Chomhalta nó an Bhreathnóra nó a eascróidh as sin, a gheobhaidh sé nó a fhorbróidh sé, is leis an gComhalta nó leis an mBreathnóir sin é.

3. Maidir le ceisteanna CMI, déanfar an caidreamh idir Comhaltaí agus Breathnóirí EU-SOLARIS ERIC a rialú le reachtaíocht náisiúnta na gComhaltaí agus na mBreathnóirí féin agus le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtithe iontu na Comhaltaí agus na Breathnóirí.

4. Beidh forálacha na Reachtanna seo agus na rialacháin inmheánacha gan dochar do réamh-CMI atá faoi úinéireacht Comhaltaí agus Breathnóirí.

5. Déanfaidh Comhaltaí EU-SOLARIS ERIC beartas agus rialacháin CMI EU-SOLARIS a chomhaontú agus a fhormheas, tríd an gComhthionól Ginearálta, faoi thogra ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis dul dóibh i gcomhairle le CET agus le BNN. Cinnfear leis an rialachán maidir le CMI rialacha EU-SOLARIS ERIC a bhaineann le CMI EU-SOLARIS ERIC a shainaithint, a chosaint, a bhainistiú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear rochtain ar na cearta sin.

6. Féadfaidh BNN comhaontuithe leis na lárionaid bhonneagair náisiúnta agus leis na cuibhreannais náisiúnta a mholadh don Stiúrthóir Bainistíochta maidir le bonneagar taighde EU-SOLARIS ERIC, chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na heintitis sin agus ag tríú páirtithe ar eolas eolaíoch bhonneagar taighde EU-SOLARIS ERIC.

11. **Beartas fostaíochta (Airteagal 11 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Comhlíonfaidh EU-SOLARIS ERIC prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

2. Dá bhrí sin, ina bheartas maidir le pearsanra a earcú, cuirfear comhdheiseanna ar fáil le EU-SOLARIS ERIC agus ní dhéanfar idirdhealú in aghaidh daoine atá bunaithe ar inscne, cine, creidimh, idé-eolaíocht, míchumas, gnéaschlaonadh ná aon chritéar eile a mheastar a bheith idirdhealaitheach i gcomhréir le Dlí an Chomhphobail.

3. Féadfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta modhnuithe ar rialacháin inmheánacha fostaíochta a mholadh, faoi fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta i gcónaí.

12. **Beartas um sholáthar (Airteagal 12 de Reachtanna EU-SOLARIS ERIC)**

1. Ina sholáthar cuirfidh EU-SOLARIS ERIC i bhfeidhm cóir chothrom agus neamh-idirdhealaitheach i leith na dtairgeoirí, na ndaoine uile a thairgeann earraí agus na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí. Comhlíonfaidh beartas EU-SOLARIS ERIC um sholáthar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

2. Bunóidh an Stiúrthóir Bainistíochta rialacháin agus critéir inmheánacha mhionsonraithe chun trédhearcacht, comhionannas agus neamh-idirdhealú a áirithiú agus conarthaí á mbronnadh. Ní mór na rialacha sin a bheith formheasta ag an gComhthionól Ginearálta.

3. Beidh an Stiúrthóir Bainistíochta freagrach as gach soláthar EU-SOLARIS ERIC. Chuige sin, comhlíonfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta na rialacháin soláthair náisiúnta agus Eorpacha is infheidhme ag an am. Ba cheart na tairiscintí go léir a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC. Ba cheart an cinneadh maidir le conradh a bhronnadh a fhoilsiú agus ba cheart bonn cirt iomlán a bheith leis.